# 15. Ag cur síos ar dhaoine ( Describing people )

| | | |
|---|---|---|
| 1. | **An bhfuil aithne agat ar** ... ? Tá. / Níl. | Do you know .... ? Yes. / No. |
| 2. | **Nach bhfuil aithne agat ar**... ? | Do you not know ... ? |
| 3. | **Tá aithne agam ar** ... | I know ... |
| 4. | **Níl aithne agam ar** ... | I don't know ... |
| 5. | **Cad é an chuma atá air** ? | What does he look like ? |
| 6. | **Cad é an chuma atá uirthi** ? | What does she look like ? |
| 7. | An bhfuil aithne agat ar Liam Ó Dónaill ? | Do you know Liam O' Donnell ? |
| 8. | Tá, tá aithne mhaith agam air. | Yes, I know him well. |
| 9. | **Is meicneoir é.** | He is a mechanic. |
| 10. | **Cén cineál duine é** ? | **What kind of person is he ?** |
| 11. | **Is duine lách cairdiúil é.** | **He is a pleasant friendly person.** |
| 12. | **Ní duine ródheas é.** | He is not a very nice person. (lit: too nice) |
| 13. | Is **fear mór ard** é. | He is a **big tall man**. |
| 14. | Is fear **beag ciúin** é. | He is a small quiet man. |
| 15. | An bhfuil aithne agat ar Úna Ní Bhriain ? | Do you know Una O' Brien ? |
| 16. | **Níl mé cinnte**, cad é an chuma ata uirthi ? | I'm not sure, what does she look like ? |
| 17. | Tá sí beag **agus gruaig rua uirthi**. | She is small **with red hair**.(and red hair on her) |
| 18. | **Is** banaltra **í**. | She is a nurse. |
| 19. | **Tá aithne shúl agam uirthi.** | I know her to see. |
| 20. | Cén cineál duine **í** ? | What kind of person is she ? |
| 21. | Is **duine ciúin** í . | She is a quiet person. |
| 22. | Is **bean ghalánta ard** í. | **She is a beautiful tall woman.** |
| 23. | Is **bean bheag shéimh** í. | **She is a small gentle woman.** |
| 24. | Cén chuma atá ar Liam Ó Dónaill ? | What does Liam O' Donnell look like ? |
| 25. | Tá sé ard agus **gruaig dhubh** air. | He is tall with **black hair**. |
| 26. | **gruaig fhionn / gruaig dhonn / gruaig liath** | **fair, blonde hair / brown hair / grey hair** |
| 27. | **gruaig bhán** / **féasóg** / **croiméal** | **white hair / a beard / a moustache** |
| 28. | **gruaig fhada** / **gruaig ghairid** | **long hair / short hair** |
| 29. | **gruaig chatach** / **gruaig dhíreach** | **curly hair / straight hair** |
| 30. | Nach bhfuil aithne agat ar Róisín ? | Do you not know Róisín ? |
| 31. | Tá sí ard agus tá a **cuid gruaige fionn**. | She is tall and has **long blonde hair**. ( **lit: her hair is blonde**) |
| 32. | Tá **súile donna** aige. | He has **brown eyes**. |
| 33. | Tá **súile gorma** aici. | She has **blue eyes**. |
| 34. | Tá **súile glasa** aici. | She has **green eyes**. |
| 35. | Tá sé ... **maol** / **ramhar** / **tanaí** / **láidir** / **lag** | He is .. **bald** / **fat** / **thin** / **strong** / **weak** |
| 36. | **cainteach** / ciúin / **greannmhar** / **leadránach** | **talkative** / quiet / **funny** / **boring** |
| 37. | **amaideach** / **ciallmhar** / **bómánta** / **cliste** / **deas** | **foolish** / **sensible** / **stupid** / **clever**/ **nice** |
| 38. | **cineálta** / **cruálach** / **macánta** / **cantalach** | **kind** / **cruel** / **honest** / **cantankerous** |
| 39. | **fláithiúil** / **sprionlach** / **leithleasach** / **dúr** | **generous** / **miserly** / **selfish** / **surly** |
| 40. | **dall** / **bodhar** / **galánta** / **dathúil** / **gránna** | **blind** /**deaf** / **beautiful** / **handsome** / **ugly** |